Údarás Náisiúnta
Cáilíochtaí na hÉireann
National Qualifications
Authority of Ireland

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann



2008
CUNTAIS BHLIANTÚLA

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta
Athrú Mór ar Éirinn

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

Doiciméad Uimhir 2008/5

© Cóipcheart: Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Arna fhoilsiú ag:
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann
5ú Urlár, Teach Jervis, Sráid Jervis, Baile Átha Cliath 1

Deireadh Fómhair, 2009

Clár

	Page
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	4
Ráitis Airgeadais 2008	5
Eolas faoin Údarás	6
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Ráitis Airgeadais	7-8
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	9-10
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Údaráis	11
Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta	12-13
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	14
Ráiteas maidir le hIomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta	15
Clár Comhardaithe	16
Nótaí	17-23

Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cúis áthais is ea í dom na Cuntais Bhliantúla 2008 a chur i do láthair. Léiríonn siad an t-ochtú bliain oibríochta de chuid Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. Tá na Cuntais Bhliantúla 2008 curtha i láthair an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag an Údarás.

Sa bhliain 2008 ghlac an tÚdarás cúram air féin maidir le QualifaX, bunachar sonraí náisiúnta na bhfoghlaimeoirí. Roimhe sin, is ar Institiúid na nGairmchomhairleoirí, a bhí páirteach ina luathfhorbairt, a bhí cúram as QualifaX.

'Siopa aon stad' eolais ar an Idirlíon is ea QualifaX maidir le gach cúrsa oideachais agus oiliúna nach mór atá ar fáil in Éirinn. Trí QualifaX, féachann an tÚdarás

- leis an teacht ar eolas ardchaighdeáin ar oideachas agus oiliúint a mhéadú
- leis na pointí rochtana atá ar fáil d'úsáideoirí an láithreáin Ghréasáin a mhéadú, agus iad a mhisniú chun imscrúdú neamhspleách a dhéanamh, trí láithreán Gréasáin iomasach a bhfuil fáil air a fhorbairt
- le tagairtí cruinne do Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur chun cinn chun go mbeidh bonn eolais faoi roghanna foghlaimeoirí
- le dul i ngleic leis na tosaíochtaí náisiúnta de uas-sciliú agus athsciliú.
- le tacú le Foghlaim ar feadh an tSaoil trí gach foghlaimeoir a chumasú chun na deiseanna atá ar fáil go háitiúil agus go náisiúnta a scrúdú.

Buaicphointe eile don Údarás sa bhliain 2008 ab ea staidéar ar chur i ngníomh agus ar thionchar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí. Chlúdaigh an Staidéar na céad chúig bliana (2003-08) d'oibriú Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC) agus tugadh chun críche é sa bhliain 2009. Beidh torthaí agus moltaí an staidéir mar bhonn eolais faoi obair an Údaráis amach anseo i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara. Tugaim cuireadh duit an tuarascáil a léamh ar ár láithreán Gréasáin www.nqai.ie/framework.study.html

Is mise, le meas

Jim Murray
Pr omhfheidhmeannach

Deireadh Fómhair 2009

www.nqai.ie
www.nfq.ie
www.qualificationsrecognition.ie
www.europass.ie
www.qualifaX.ie

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch
31 Nollaig 2008

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Eolas

Seoladh an dar is:	5ú Urlár á Teach Jervis Sráid Jervis Baile Átha Cliath 1	
An Feidhmeannacht Shinsearach:	An Dr. Jim Murray Ms. Claire Byrne An Dr. Anna Murphy	Príomhfheidhmeannach Feidhmiúcháin (ceaptha 14 lúil 2008) Stiúrthóir na nGnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáide An Stiúrthóir Taighde agus Forbartha Straitéisí
Baill an Údaráis:	Mr. Paul Haran An Dr. Caroline Hussey Ms Inez Bailey Mr. Mogens Berg An Dr. Sean Conlan Mr. Eamon Devoy Mr. Tony Donohoe Mr. Shane Kelly An tOllamhAnne Moran Mr. Pat O`Callaghan Mr. Donal O`Rourke Mr. Martin Shanahan An tOllamh Seamas Smyth Seán Ó Foghlú (ar scor ó 11ú lúil 2008) An Dr. Jim Murray	Cathaoirleach Leas-Chathaoirleach Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Banc:	Bainc-Aontas Éireann 126/128 Sráid Chéipil Baile Átha Cliath 1	
Dlíodóirí:	Brian Whitaker & Co Solicitors 17 Plás Mhic Liam Baile Átha Cliath 2	
Iniúchóirí:	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2	
Láithreán Gréasáin:	www.nqai.ie	

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachais

Tá ráitis airgeadais Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Aitheanta, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Udaráis.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialála agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach bhfuil na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna

ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtadh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Thar ceann agus ar son an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Meán Fómhair 2009

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann Bhord Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Ní bhíonn ar chumas an chórais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú amach is amach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go leigheasfaí iad go tráthúil

An Timpeallacht Rialaithe

Seo a leanas na bearta a rinneadh chun rialú cuí a chinntiú:

- Tá sceideal rialta cruinnithe ag an Údarás (sé chruinniú sa bhliain ar a laghad) ag a gcuirtear tuarascálacha rialta nuashonraithe ar fáil maidir le caiteachas;

- Bunaíodh coiste iniúchóireachta inmheánaí de chuid an Údaráis. Ar théarmaí tagartha an choiste tá féachaint chuige go gcuireann na córais le caighdeán an rialaithe inmheánaigh airgeadais an t-am ar fad agus go ráthaíonn siad é;

- Sanntar freagrachtaí bainistíochta go soiléir agus cuirtear in iúl iad, agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.

Measúnú Rioscaí

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann chun rioscaí airgeadais agus gnó a shainaithint agus a mheas trí:

- Nádúr agus méid na bpriacal airgeadais atá roimh an Údarás a aithint;

- Measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlóidh na priacail a aithníodh;

- Measúnú arr chumas inmheánach an Údaráis na priacail a tharlaíonn a bhainistiú.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

An Mheicníocht Rialála

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar bhainistíocht faisnéise, nósanna imeachta riaracháin, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Is é atá i gceist leis seo go sonrach

- Córas oiriúnach buiséadaithe agus buiséad bliantúil a athbhreithníonn lucht ardbainistíochta go rialta;
- Athbhreithniú rialta ag lucht ardbainistíochta ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- Cruinnithe rialta den fhoireann ardbhainistíochta.

Dearbhaím don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánach airgeadais.

Thar ceann an Údaráis

Paul Haran
Cathaoirleach
2ú Meán Fómhair 2009

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis (ar leanúint)

Ba é an tAire Oideachais agus Eolaíochta a bhunaigh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann ar an 26ú Feabhra 2001, faoi Alt 5 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.

Is iad feidhmeanna Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí gach a bheadh riachtanach nó tráthúil a dhéanamh, de réir an Achta, chun cuspóirí an Údaráis a chur chun cinn.

Is iad cuspóirí an Údaráis:

(a) creat a bhunú agus a chothabháil, ar creat é chun cáilíochtaí a fhorbairt, a aithint agus a dhámhachtain sa Stát (dá ngairtear "creat cáilíochtaí" san Acht seo), agus a bheidh bunaithe ar chaighdeáin eolais, scile nó inniúlachta a bheidh le baint amach ag foghlaimeoirí.

(b) caighdeáin a bhunú maidir le dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna, agus dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna, Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ollscoileanna arna mbunú faoi alt 9 d'Acht 1997, agus cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sin a chur chun cinn.

(c) Rochtain, aistriú agus forchéimniú a chur chun cinn agus a éascú.

Cuireann Alt 57 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 ceanglas ar ÚNCÉ (ar a dtugtar an tÚdarás) ráitis airgeadais a réiteach san fhoirm a fhaomhfaidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú tá ceangal ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas mura mbíonn sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás air a bheith i mbun gnó.
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá sé de chúram ar an Údarás leabhair chuí cuntais a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn tráth ar bith a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 57 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint). Tá sé de chúram ar an Údarás, leis, a shócmhainní a chosaint agus bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Paul Haran
Cathaoirleach

Dr Jim Murray
Pr omhoifigeach Feidhmi ch in
2ú Meán Fómhair 2009

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta

Bunús Ullmhúcháin

Ar bhonn fabhraithe a réitítear na ráitis airgeadais, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta lena nglactar go ginearálta faoin gcoinbhinsean stairiúil costais. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a d'fhaomhaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta le formheas an Aire Airgeadais.

An Tréimhse Chuntasaíochta

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain go 31 Nollaig 2008.

Deontais Stáit

Is ionann an t-ioncam sna ráitis airgeadais faoi Dheontais Stáit agus na fáltais iarbhír sa tréimhse.

Deontais le Comhairlí Dámhachtana

Cuirtear deontais le Comhairlí Dámhachtana san áireamh sa bhliain lena mbaineann an deontas.

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas chun dochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhírí, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe dá luach iarmharach, thar a dtréimhse fhónta saoil mar seo a leanas:

Foirgnimh Léasacha	Thar théarma léasa 25 bliain
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%
Trealamh Oifige	20%
Troscán Oifige	10%
Fearais agus Feistiú	10%

Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach an ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caiteachais chaipitil.

Airgeadraí Eachtrannacha

Aistrítear idirbhearta ainmnithe in airgeadraí eachtrannacha go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malartaithe i réim ar dháta an idirbhirt. Aistrítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais ainmnithe in airgeadraí eachtrannacha go euro ag na rátaí malartaithe i réim ag an gclár comhardaithe nó ag rátaí conartha cheannaigh ar aghaidh i gcásanna go bhfuil conradh mar sin ann.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Pinsin

Scéim pinsin sochar sainithe is ea a oibríonn an tÚdarás a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Tomhastar dliteanais na scéime pinsin ar bhonn achtúireach le modh an aonaid réamh-mheasta.

Léiríonn costais pinsin sochair pinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choimeádann an tÚdarás. Aithnítear méid is ionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe, agus go ndéantar é a fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag éirí as athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh taithí sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inghnóthaithe ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Léiríonn dliteanais pinsin luach reatha íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go nuige seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach is inghnóthaithe i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

An Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

	Nóta	2008 €	2007 €
Ioncam			
Deontas Stáit	1	14,435,000	12,527,472
Ioncam Eile	2	86,492	59,938
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	18(c)	262,000	160,000
Ús taisce		2,812	2,999
		14,786,304	12,750,409
Aistriú chuig / ón gCuntas Caipitil	11	47,189	69,351
		14,833,493	12,819,760
Caiteachas			
Deontais le comhairlí dámhachtana	3	11,334,546	10,239,320
Costais foirne	4	1,680,730	1,237,603
Áitreabh	5	344,320	313,245
Riarachán lárnach agus seirbhís	6	1,232,750	549,860
Costais pinsin	18(a)	237,427	278,890
		14,829,773	12,618,918
Barrachas don Bhliain		**3,720**	**200,842**
(Easnamh) carntha ag 1 Eanáir		(51,234)	(252,076)
(Easnamh) carntha ag 31 Nollaig		**(47,514)**	**(51,234)**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-21..

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Paul Haran
Cathaoirleach
2 Meán Fómhair 2009

Dr Jim Murray
Pr omhoifigeach Feidhmi ch in
2 Meán Fómhair 2009

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

	Nóta	2008 €	2007 €
Barrachas/ (easnamh) don bhliain		**3,720**	**200,842**
Taithí (caillteanais)/gnóthachain ar an scéim pinsin		(138,000)	60,000
Athruithe i dtoimhdí is bonn eolais faoi luach reatha dhliteananis na scéime pinsin		-	-
(Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha ar dhliteanais pinsin	18	(138,000)	60,000
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha		138,000	(60,000)
Iomlán na ngnóthachan/(caillteanas) aitheanta		**3,720**	**200,842**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-21.



Paul Haran
Cathaoirleach
2 Meán Fómhair 2009

Dr Jim Murray
Pr omhoifigeach Feidhmi ch in
2 Meán Fómhair 2009

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Clár Comhardaithe Amhail Ar 31 Nollaig 2008

	Note	2008 €	2007 €
Sócmhainní Seasta	8	448,896	496,085
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	9	109,571	28,682
Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc		191,768	42,106
		301,339	70,788
Dliteanais Reatha			
Méideanna a bheidh le híoc laistigh de bhliain			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	10	348,853	122,022
Glandliteanais) Reatha		(47,514)	(51,234)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh pinsin		€€€€€€€	€€€€€€€
Maoiniú pinsin iarchurtha	18(c)	2,300,000	1,900,000
Dliteanais pinsin	18(b)	(2,300,000)	(1,900,000)
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		**401,382**	**444,851**
I bhfoirm:			
an Chuntais Chaipitil	11	448,896	496,085
an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais		(47,514)	(51,234)
		401,382	**444,851**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-21.

Paul Haran
Cathaoirleach
2 Meán Fómhair 2009

Dr Jim Murray
Pr omhoifigeach Feidhmi ch in
2 Meán Fómhair 2009

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Chun Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

		2008	2007
1.	**Deontais Stáit**	€	€
	Deontas i leith Riaracháin	3,100,454	2,288,152
	Deontas leis an gComhairle Breisoideachais agus Oiliúna	7,895,546	7,766,273
	Deontas leis an gComhairle Ardoideachais agus Oiliúna	3,439,000	2,473,047
		14,435,000	**12,527,472**

San áireamh thuas tá deontas de €500,000 le haghaidh Qualifax, sa bhliain 2008.

2	**Ioncam Eile**		
	An tIonad Náisiúnta Europass	71,281	59,938
	SECCOMPAT (Clár Leonardo da Vinci)	15,211	-
		86,492	**59,938**

Tionscnamh de chuid an AE is ea Europass a fhéachann le cabhrú le daoine a gcuid scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh sothuigthe san Eoraip ionas go gcuirfear le gluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe.

Bunaíodh líonra d'Ionaid Náisiúnta Europass ar fud na hEorpa chun an tionscnamh a chomhordú. Ainmníodh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann mar an Ionad Europass Náisiúnta in Éirinn.

Sa bhliain 2008 ba é €108,000 na costais iomlána measta a cháiligh le haghaidh maoiniú an AE. An socrú atá ann ná go n-íocann an tAE 50% de na costais iomlána measta.

Ba ionann agus €112,688 an caiteachas a cuireadh san áireamh faoi Nótaí 4, 5 agus 6 agus mhaoinigh an tAE €56,344 de sin

Páirtí is ea an tÚdarás i dtionscadal atá gaolmhar leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí atá mar chuid den Chlár um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil 2007-2013 faoin Stiúrthóireacht Oideachais agus Cultúir de Choimisiún na hEorpa (clár Leonardo da Vinci).

Díríonn an tionscadal ar conas comparáid a dhéanamh idir cáilíochtaí earnála bealach Creataí Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí agus an Creat Eorpach um Cháilíochtaí. Is í aidhm an tionscadail treoirlínte agus moltaí modheolaíochta a cheapadh chun cáilíochtaí earnála a mheaitseáil idir thíortha trí úsáid a bhaint as na naisc idir na cáilíochtaí seo agus na Creataí Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí agus an Creat Eorpach um Cháilíochtaí.

Ba é €15,211 na costais iomlána a bhí incháilithe do mhaoiniú Leonardo sa bhliain 2008

3	**Deontais le Comhairlí Dámhachtana**		
	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	7,895,546	7,766,273
	Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	3,439,000	2,473,047
		11,334,546	**10,239,320**

De réir Alt 11 (1) d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 cuireann an tOireachtas deontas ar fáil don Údarás gach bliain. De réir Alt 11 (2) den Acht, is ceadmhach don Údarás deontas nó deontais a íoc gach bliain as airgead a fhaightear faoi Alt 11(1) leis an gComhairle Breisoideachais agus Oiliúna agus leis an gComhairle Ardoideachais agus Oiliúna agus de réir Alt 11 (3) den Acht, déantar íocaíochtaí leis na Comhairlí Dámhachtana ar an gcaoi sin agus faoi réir coinníollacha a mheasann an tÚdarás a bheith cuí.

4	**Costais Foirne**		
	Tuarastail agus pá (Nóta 7)	1,616,270	1,183,408
	Taisteal agus cothabháil (Nóta 7)	61,422	51,796
	Costais earcaíochta	3,038	2,399
		1,680,730	**1,237,603**

5	**Áitreabh**		
	Deisiúchán agus cothabháil	7,205	-
	Cíos	219,218	219,218
	Táillí seirbhíse	33,611	17,465
	Árachas	2,261	3,190
	Slándáil	482	1,279
	Glantachán	17,155	10,155
	Solas agus teas	13,158	10,708
	Dímheas	51,230	51,230
		344,320	**313,245**

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Chun Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

6 Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	2008 €	2007 €
Teileafón agus postas	44,131	33,068
Cuntasaíocht	33,235	31,851
Táillí bainc	980	1,032
Teicneolaíocht na faisnéise	175,587	84,496
Forás foirne	73,463	15,305
Táillí iniúchóireachta	8,250	8,250
Fógraíocht	557,043	62,492
Páipéarachas	28,620	12,262
Nuachtáin agus leabhair	3,464	5,081
Síntiúis	8,207	8,743
Soláthairtí ginearálta oifige	7,896	2,436
Cothabháil ghinearálta	20,354	15,624
Costais chruinnithe	49,747	49,191
Táillí dlí	13,401	3,146
Táillí comhairliúcháin	21,870	8,451
Ilghnéitheach	11,286	9,660
Foilseacháin	46,377	80,898
Ballraíocht ghairmiúil	11,307	6,024
Costais seimineár	36,326	82,063
Táille cothabhála Institiúid na nGairmchomhairleoirí	8,000	-
Iniúchadh inmheánach	31,849	2,181
Dímheas	41,357	27,606
	1,232,750	**549,860**

7 QualifaX

Bunachar Sonraí Náisiúnta Foghlaimeoirí na hÉireann is ea QualifaX. "Siopa aon stad" is ea é d'fhoghlaimeoirí. Soláthraíonn QualifaX an t-eolas is cuimsithí ar chúrsaí breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna agus an t-eolas ar fad atá riachtanach chun roghanna eolasacha a dhéanamh mar gheall ar chúrsaí oideachais, oiliúna agus gairme.

Nochtadh na costais go leitheach mar tugadh deontais ar leith soaitheanta don Údarás le haghaidh chomhlíonadh na feidhme sin.

IGheofar i Nótaí 4 agus 6 na costais seo a leanas de chuid QualifaX:

	2008 €
Tuarastail agus pá	327,257
Taisteal agus cothabháil	17,349
Costais earcaíochta	600
Táille cothabhála Institiúid na nGairmchomhairleoirí	8,000
Teileafón agus postas	13,515
Páipéarachas	17,185
Costais seimineár	13,791
Costais chruinnithe	5,625
Soláthairtí ginearálta oifige	1,037
Forás foirne	5,900
Fógraíocht	3,216
Foilseacháin	90
Cothabháil ghinearálta	6,441
Teicneolaíocht na Faisnéise	97,478
Foilseacháin	2,967
Trealamh TF	8,380
Ilghnéitheach	90
	528,921

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Chun Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

8 Sócmhainní Seasta	Áitreabh Léasach €	Troscán Oifige €	Trealamh Oifige €	Trealamh FT €	Iomlán €
Costas					
Ag 1 Eanáir 2008	673,546	229,291	90,982	126,024	1,119,843
Breiseanna	-	25,846	1,802	17,750	45,398
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Ag 31 Nollaig 2008	**673,546**	**255,137**	**92,784**	**143,774**	**1,165,241**
Dímheas					
Ag 1 Eanáir 2008	294,313	126,998	84,802	117,645	623,758
Táille don bhliain	51,230	25,514	3,158	12,685	92,587
Ag 31 Nollaig 2008	**345,543**	**152,512**	**87,960**	**130,330**	**716,345**
Glanluach na Leabhar					
Ag 31 Nollaig 2008	**328,003**	**102,625**	**4,824**	**13,444**	**448,896**
Ag 31 Nollaig 2007	379,233	102,293	6,180	8,379	496,085

9 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2008 €	2007 €
Réamhíocaíochtaí	109,571	28,682
	109,571	**28,682**

10 Creidiúnaithe agus Fabhruithe		
Creidiúnaithe trádála	117,323	10,195
Deontas Stáit is iníoctha	127,000	-
Fabhruithe	70,009	86,741
ÍMAT/ÁSPC	32,216	18,195
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	1,015	4,373
Creidiúnaithe eile	1,290	2,518
	348,853	**122,022**

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Chun Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

		2008		2007
		€		€
11 Cuntas Caipitil				
Iarmhéid ag 1 Eanáir		496,085		565,436
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais				
Méideanna curtha chun feidhme chun sóchainní seasta a fháil	45,398		9,485	
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(92,587)		(78,836)	
		(47,189)		(69,351)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		**448,896**		**496,085**

12 Ceanglais Chaipitil

Ní raibh aon cheanglais chaipitil ann ag 31 Nollaig 2008.

13. Léas Oibriúcháin

Tá comhaontú tionóntachta 25 bliain ag an Údarás ó 5 Nollaig 2002 maidir le léas na cóiríochta oifige i dTeach Jervis. Cosnaíonn an léas €219,217 sa bhliain le hathbhreithniú cíosa cúig bliana.

14 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag 31 Nollaig 2008.

15 Cáin Chorparáide

Ní ghearrtar cáin chorparáide ar an Údarás

16 Baill an Bhoird – Nochtadh Idirbhearta

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlinte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh aon idirbheart maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas tairbhiúil ag baill an Bhoird ann.

17 Imeachtaí Tábhachtaí ó Dheireadh Bliana i Leith

Ní raibh tionchar ag aon imeachtaí suntasacha ar an Údarás ó dheireadh na bliana i leith.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Chun Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

18 Costais Pinsin

a. Anailís ar iomlán na gcostas pinsin curtha de mhuirear ar Chaiteachas

	2008 €	2007 €
Costas seirbhíse reatha	190,000	190,000
Ús ar dhliteanais na Scéime Pinsin	105,000	100,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(57,573)	(11,110)
	237,427	278,890

b. Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

	2008 €	2007 €
Glandliteanas pinsin amhail ar 1 Eanáir	1,900,000	1,800,000
Costas seirbhíse reatha	190,000	190,000
Costais úis	105,000	100,000
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach	138,000	(60,000)
Pinsean a íocadh sa bhliain	(33,000)	(130,000)
Glandliteanas pinsin amhail ar 31 Nollaig	2,300,000	1,900,000

c. Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an tÚdarás na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn do na dliteanais iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá caite. Orthu seo tá an bonn reachtúil leis an scéim aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas i réim i láthair na huaire maidir le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas measachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de bheith in ann na suimeanna seo a íoc de réir an chleachtais reatha.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:	2008 €	2007 €
Maoiniú is inghnóthaithe maidir le costais pinsin na bliana reatha	295,000	290,000
Deontas stáit curtha chun feidhme chun pinsinéirí a íoc	(33,000)	(130,000)
	262,000	160,000

Ba ionann agus €2,300,000 an tsócmhainn maoinithe iarchurtha amhail ar 31 Nollaig 2008 (2007: €1,900,000)

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Chun Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

D. Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe

	2008 €	2007 €
Oibleagáidí sochair sainithe	2,300,000	1,900,000
Caillteanais/(gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéime		
Méid	138,000	(60,000)
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	6%	(3%)

Is ionann agus €138,000 an caillteanas achtúireach iarbhír a aithnítear i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán.

E. Cur síos ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin tuarastail dheiridh shochar sainithe is ea an scéim pinsin ina bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear le tagairt do rialacháin reatha "eiseamláire" i gcás scéimeanna earnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe in aghaidh bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh bliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus páistí. De ghnáth téann ball ar scor ar a 65ú breithlá, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach iarbhír ó aois 60. Is gnáthach do phinsin atá á n-íoc (agus á gcur siar) méadú ar an dul le boilsciú ginearálta i dtuarastail san earnáil phoiblí.

D'úsáid an luacháil nochtuithe FRS 17 (Leasaithe) bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach ar 23 Feabhra 2009 ag achtúire cáilithe neamhspleách chun riachtanais FRS 17 a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail ag 31 Nollaig 2008.

Ba iad seo a leanas na príomhtoimhdí achtúireacha:

	2008 €	2007 €
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Ráta méadaithe ar thuarastail	4.0%	4.0%
Ráta méadaithe ar phinsin	4.0%	4.0%
Ráta Boilscithe	2.0%	2.0%

F. Nochtadh FRS 17 leasaithe

Cuireadh an t-eolas ar phinsin i láthair ar aon dul le riachtanais nua nochtaithe a tháinig i bhfeidhm ó 2008 faoi leasú ar FRS 17.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Chun Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

19 Meánlíon na bhfostaithe

Ba é 23 meánlíon na bhfostaithe i gcaitheamh na bliana (2007: 15).

20 Gnóthas Leantach

D'fhógair an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2008 go gcónascfar Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, an Chomhairle Ardoideachais agus Oiliúna agus an Chomhairle Breisoideachais agus Oiliúna. Beidh an eagraíocht nua freagrach chomh maith as athbhreithniú seachtrach um dhearbhú cáilíochta ar na hollscoileanna, feidhm is cúram do Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann agus don Údarás um Ardoideachas i láthair na huaire. Is é Lúnasa 2010 an spriocdháta críochnaithe don phróiseas reachtach agus bunófar an eagraíocht nua reachtúil ina dhiaidh sin. In ainneoin na dtograí seo, ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhonn ghnóthais leantaigh.

21 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomhaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú den 28 Bealtaine 2009.